Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

# BEALACH ROTHAÍOCHTA EOCHAILLE GO DÚN GARBHÁN

## COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ 1

Tugann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, le tacaíocht ó Bhonneagar Iompair Éireann agus Comhairle Contae Chorcaí, cuireadh dóibh siúd **a chónaíonn, a oibríonn** nó **a thugann cuairt** ar an limistéar staidéir idir Eochaill agus Dún Garbhán agus aon pháirtithe leasmhara eile páirt a ghlacadh sa chéad chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil do Bhealach Rothaíochta Eochaille go Dún Garbhán.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal Bealach Rothaíochta Eochaille go Dún Garbhán bealach rothaíochta sábháilte, nasctha agus tarraingteach a chur ar fáil idir Eochaill agus Dún Garbhán, agus é mar chuid de nasc straitéiseach sa Líonra Náisiúnta Rothaíochta (NCN). Tá an tionscadal mar chuid den 'Tionscadal maidir le Treo-Aimsitheoir Corcaigh go Port Láirge' atá aitheanta ag an Roinn Iompair chun tacú le Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe Rialtas na hÉireann. Cuirfidh an tionscadal ar chumas úsáideoirí rothaíocht go sábháilte chun críocha áineasa, fóillíochta agus comaitéireachta idir an dá bhaile agus tá sé mar aidhm leis feabhas a chur ar inrochtaineacht ar sheirbhísí, ar áiseanna agus ar nithe is díol spéise, amhail Slí Dhéagláin, feadh an bhealaigh.

Tá an tionscadal i gCéim 2 faoi láthair: Roghnú Roghanna, lena mbaineann conairí bealaí féideartha laistigh de réimse an staidéir a shainaithint agus a mheasúnú chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an rogha bealaigh is fearr.

Iarrtar ort teacht chuig ár n-imeachtaí comhairliúcháin phoiblí chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal agus chun do thuairimí agus d'aiseolas faoin scéim a roinnt linn.

Beidh dhá imeacht comhairliúcháin phoiblí ar an láthair ar siúl mar seo a leanas:

- **Dé Máirt, 20 Feabhra 2024: 14:30-20:00**
  **Óstán na Páirce, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge, X35 CC97**
- **Dé Céadaoin, an 21 Feabhra 2024: 14:30-20:00**
  **Ionad Ealaíon an Mheal, Teach an Mheal, Eochaill, Co. Chorcaí, P36 FR96**

Is féidir leat páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí ar líne freisin trí fhéachaint ar fhaisnéis an tionscadail agus tríd an bhfoirm aiseolais ar shuíomh gréasáin tiomnaithe an tionscadail a líonadh isteach ag: y2dcycleroute.ie ón 20ú Feabhra.

Beidh eolas faoin tionscadal agus foirmeacha aiseolais ar fáil freisin ag Oifigí Cathartha Dhún Garbhán, Leabharlann Dhún Garbhán agus Leabharlann Eochaille ón 20 Feabhra. Beidh an comhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar oscailt le haghaidh tuairimí ón **Máirt 20 Feabhra go dtí Dé Máirt 5 Márta.**

Mura féidir leat freastal ar cheann dár n-imeachtaí i bpearsain agus mura bhfuil tú in ann teacht ar an suíomh gréasáin, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail ar an teileafón ar 0818 10 20 20 agus a chur in iúl go mbaineann do ghlao le Bealach Rothaíochta Eochaille go Dún Garbhán, trí ríomhphost a sheoladh chuig ActiveTravel@waterfordcouncil.ie nó tríd an bpost chuig Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, An Rannóg um Thaisteal Gníomhach, Rannóg na mBóithre, Oifigí Cathartha, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.

# YOUGHAL TO DUNGARVAN CYCLE ROUTE

## PUBLIC CONSULTATION 1

Waterford City and County Council, with the support of Transport Infrastructure Ireland and Cork County Council, invite those who **live, work** or **visit** the study area between Youghal and Dungarvan and any other interested parties to participate in the first non-statutory public consultation for the Youghal to Dungarvan Cycle Route.

The Youghal to Dungarvan Cycle Route project aims to provide a safe, connected and attractive cycle route between Youghal and Dungarvan, forming part of a strategic link in the National Cycle Network (NCN). The project is part of the overall 'Cork to Waterford Pathfinder Project' identified by the Department of Transport to support the Irish Government's Sustainable Mobility Policy. The project will enable users to safely cycle for recreational, leisure and commuting purposes between both towns and aims to improve accessibility to services, amenities and attractions, such as St. Declan's Way, along the route.

The project is currently in Phase 2: Options Selection, which involves the identification and assessment of potential route corridors within the study area to determine a preferred route option.

Please come along to our public consultation events to find out more about the project and share your views and feedback on the scheme.

Two in-person public consultation events will take place as follows:

- **Tuesday 20th February 2024: 14:30-20:00**
  **The Park Hotel, Dungarvan, Co. Waterford, X35 CC97**
- **Wednesday 21st February 2024: 14:30-20:00**
  **The Mall Arts Centre, Mall House Youghal, Co. Cork, P36 FR96**

You can also take part on the public consultation online by viewing our project information and completing the feedback form on the dedicated project website at: y2dcycleroute.ie from 20th February.

Project information and feedback forms will also be available at Dungarvan Civic Offices, Dungarvan Library and Youghal Library from the 20th February. The non-statutory public consultation will be open for comment from **Tuesday 20th February until Tuesday 5th March.**

If you cannot attend one of our in-person events and are unable to access the website, please feel free to contact the project team by phone on 0818 10 20 20 and state your call relates to the Youghal to Dungarvan Cycle Route, by email on ActiveTravel@waterfordcouncil.ie or by post to Waterford City & County Council, Active Travel Section, Roads Department, Civic Offices, Dungarvan, Co. Waterford.




Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

Bonneagar Iompair Éireann Transport Infrastructure Ireland

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge Waterford City & County Council

Comhairle Contae Chorcaí Cork County Council

ROD AECOM

WCC1659 AC

| | |
|---|---|
| Dungarvan Leader | 33x6 (259) |
| Dungarvan Observer | 33x6 (265) |
| Irish Examiner | 33x8 (265)_Classified |